(1) That no list of ratepayers for information of British agents be drawn up in the Council Office, nor any facilities given for copying or taking [illegible] from Rate ~~Books~~ or Valuation books for above purpose.

(2) That no lists be supplied to such Agents showing the Salaries or wages paid by the Council to their officials or Employees.

(3) That [illegible] the Dungarvan Rural Council do not enter any defence or take any further proceedings in English Courts against Malicious Injury claims.

(4) That every possible obstacle to be placed in the way of the British Government in Collecting taxes & otherwise.

Proposed by Declan Conway seconded by John Butler and Passed unanimously

Notice of Motion

The following was handed in:-
I beg to give notice that I will on the day month the 10th day of August 1920 move that all the Insurances of the Council be given to the Hibernian Insurance Company or such other [illegible] Irish Insurance Company as the Council decides.
Michl. Kennally

Rúin ag diúltú comhoibriú le rialtas na Breataine a rith Comhairle Cheantar Tuaithe Dhún Garbhán, 13 Iúil 1920
*(Cartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge)*

# Comhairlí Buirg agus Ceantair




Bardas Dhroichead Átha c. 1900 *(Cartlann Chontae Lú)*

## Athruithe

Dhíscaoileadh Acht na gCorporáidí gCathránach (Éirinn), 1840, 58 corparáid agus 38 buirg. Thug an tAcht Feabhsú na mBailte (Éirinn), 1854 isteach coimisiúin baile le freagrachtaí méadaithe as sláintíocht agus feabhsúcháin eile. Thug an Public Health (Ireland) Act, 1878 stádas d'údaráis sláintíochta do na ceardchumainn um dhlí na mbocht agus do choimisiúin baile.

D'fhéach Acht 1898 leis an gcóras rialtais áitiúil a chuíchóiriú. Bunaíodh comhairlí ceantair thuaithe agus chuimsigh siad bailte nach raibh údaráis sláintíochta uirbeacha acu. Rinneadh comhairlí ceantair uirbeacha de roinnt coimisiúin baile. Tugadh isteach tuilleadh cuíchóirithe faoin Acht Rialtais Áitiúla,1925 a chuir deireadh le comhairlí ceantair thuaithe. Tháinig na hathchóirithe is déanaí in 2014 nuair a cuireadh deireadh le Comhairlí Baile agus cuireadh struchtúr na gCeantar Bardasach i bhfeidhm.



Trimgate St

Sir.

As per instructions I have examined shore on 83 (as reported by Mr Law) and as far as I can see blockage does not occur under the road. There is a bank four feet in breadth between the mouth of the shore and the quick on the roadside; in my opinion blockage occurs there, as the shore is open on the roadside to take off water from road which office it seems to fulfil perfectly, while the water from the field is but slowly trickling from under the bank to this opening.
The shore on 99 (As reported by Mr Smith) is laid with six inch pipes and capable of taking all the water which comes down the gripe. If it has failed to act it is by reason of the people directly opposite erecting a permanent dam where the water made its exit from the shore.
I have got this dam taken down and the water subsided shortly afterwards.

Your Obedient Servant
Francis Ledwidge.

J Quigley Esq.

Litir ó fhile an Chéad Chogaidh Dhomhanda Francis Ledwidge agus é ar Chomhairle Cheantar Tuaithe na hUaimhe chuig James Quigley, Suirbhéir Contae, Comhairle Contae na Mí, ag mionsonrú iniúchtaí agus feabhsúcháin bóithre c. 1914 *(Le caoinchead ó Mhúsaem Ledwidge)*


6

# Riarachán agus Airgeadas




Tar éis toghcháin 1899, tionóladh cruinnithe míosúla na gcomhairlí contae, den chéad uair, go poiblí, ag soláthar bonn daingean don daonlathas. Maoiníodh na comhairlí nua trí rátaí a gearradh go cothrom ar fud gach cearn den chontae, cinneadh cothrom a chabhraigh le tacaíocht a fháil don chóras nua rialtais áitiúil.

Bhí gá le riarachán chun cinntí na comhairle a chur i bhfeidhm, agus earcaíodh oifigigh íoctha chun na críche sin. Mar shampla, faoi 1900 bhí 21 oifigeach íoctha ag Comhairle Contae na Gaillimhe – fir ar fad – faoi cheannas an rúnaí contae agus lena n-áirítear sirriam agus foshirriam; 8 suirbhéir; 4 cróinéir; 4 cléireach agus 2 aturnae. De réir mar a tháinig údaráis áitiúla chun cinn thar na blianta agus de réir mar a ghnóthaigh tuilleadh feidhmeanna, earcaíodh foireann bhreise; chruthaigh Acht Pleanála 1963 go raibh gá le pleanálaithe mar shampla.



Sir Henry Campbell, Cléireach Baile Bhaile Átha Cliath, 1893-1920. Luaitear é in Ulysses le James Joyce. *(Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath)*



99

CLARE COUNTY COUNCIL.

MINUTES OF PROCEEDINGS of Finance Committee at meeting held on Monday, 16th March 1936.

No. of Members on Committee - - 38
Do. present - - - 18

Michael MacMahon Esq., Chairman.

From The Department of Local Government and Public Health (Roads).

Stating that a Grant of £13,568 has been provisionally allocated for the upkeep of Main Roads in the County for the year 1936/37 which sum represents 40 per cent of £33,921 the amount which appears to have been passed by the Council for the upkeep of Main Roads,

Noted.

From The Department of Local Government and Public Health (Roads)

Stating that it having been brought to the notice of the Minister that members of County Survey Staffs at times carry in their motor cars explosives from magazines to quarries, inquiry was made as to the insurance position in the event of a motor accident involving an explosion. It appears that so far as injury to third parties is concerned, policies should cover carriage of goods and then it is a question if injuries to person or property arising out of an explosion would be covered, especially if carrying of explosives was not disclosed to the Insurance Company. If the practice obtains, you should bring this circular to the notice of the Council and the individual Surveyors with a view to steps being taken to ensure that risks involved are adequately covered.

Resolved - That the system at present existing in the County be not altered, i.e. the Council will undertake the insurance themselves.

From The County Surveyor.

Stating that acting on the invitation of the Local Government Department (Roads), he attended the Public Works Roads and Transport Congress in London from the 18th to the 23rd November 1935, inclusive; he submitted a Report thereon.

Resolved - Report to be forwarded to Local Government Department.

From The Department of Local Government and Public Health.

Referring to previous correspondence, and stating that the Minister sanctions the issue by the Council of an advance of £100 under the Small Dwellings Acquisition Acts to Mary and John Bermingham in respect of a house situated at Knocknagroagh, Ballyvaughan.


Noted and sureties approved of.

Sliocht as miontuairiscí an Choiste Airgid, Comhairle Chontae an Chláir, 18 Márta, 1936. Tabhair faoi deara an tagairt do phléascáin atá á n-iompar ag baill foirne ina gcuid carranna! *(Cartlann Chontae an Chláir)*

# Riarachán agus Airgeadas



araon faoi na hAchtanna um Bainistí Chathrach agus Contae, 1929-40, as ar tháinig comhpháirtíocht shainithe idir comhairleoirí tofa agus oifigigh.



LONGFORD COUNTY COUNCIL.

COUNTY AT LARGE.

PROPOSAL COMMITTEE, 1st AUGUST, 1902.

JOHN PHILLIPS, Esq., *Chairman*.
Messrs. FAGAN, REYNOLDS, ROSS, RHATIGAN,
Messrs. P. KIERNAN, T. KIERNAN, EARLY.

**County Infirmary.**

| No. | | June Quarter £ s. d. |
|---|---|---|
| 1 | To John H. M'Manus and the Bank of Ireland Treasurers to the County Infirmary, towards the maintenance of same, for quarter ending 30th Sept., 1902, in advance | 187 10 0 |
| 2 | To N. Mayne, Esq., Surgeon, to the County Infirmary, for quarter's salary, to 30th June | 23 10 0 |

**Industrial Schools and Reformatories.**

| No. | | June Quarter £ s. d. |
|---|---|---|
| 3 | To the Directors or Managers of the Newtownforbes Industrial School for Girls, County Longford, for the maintenance of 24 girls, detained therein from this County, at 2s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 4 | To the Directors or Managers of the Lakelands Industrial School, Sandymount, for the maintenance of 1 girl, detained there from this County, at 2s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 5 | To the Directors or Managers of High Park Reformatory, Drumcondra, for 1 girl maintained from this County, at 2s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 6 | To the Directors or Managers of the Moate Industrial School, County Westmeath, for the maintenance of girls, detained there from this County, at 1s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 7 | To the Directors or Managers of the Letterfrack Industrial School for the maintenance of boys, at 1s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 8 | To the Directors or Managers of the Artane Industrial School for maintenance of 10 boys, at 2s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| 9 | To the Directors or Managers of Reformatory School, Phillipstown, for maintenance therein of 1 boy, detained there from this County, at 2s. 6d. Half-year's maintenance; accounts furnished half-yearly. | — |
| | Carried forward, | £211 0 0 |

FORM 11. 3

| Recommendations of Proposal Committee: To Pay £ s. d | To Defer £ s. d. | To Strike Out £ s. d. | Observations | Decision of County Council |
|---|---|---|---|---|
| 187 10 0 | | | | |
| 23 10 0 | | | | |
| £211 0 0 | | | | |

Leathanaigh ó sceideal íocaíochtaí a rinne Comhairle Chontae Longfoirt, 1902 *(Leabharlann agus Cartlann Contae an Longfoirt)*



Bainistíocht agus foireann Chomhairle Contae Dhún na nGall, 1960idí *(Cartlann Chontae Dhún na nGall)*

# Bóithre, Tithíocht, Gluaisteán agus Seirbhísí Éigeandála



Príomhfheidhm atá ag comhairlí contae ná bóithre agus bonneagar gaolmhar a thógáil agus a chothabháil, ar nós céanna agus droichid. Soláthraíonn siad freisin soilsiú sráide, bearta sábháilteachta bóithre agus an clár grin bóithre geimhridh, mar aon le raon seirbhísí coimhdeacha gaolmhara.


D'oscail an Tánaiste, Dick Spring, T.D., an tAire Comhshaoil, an chéad bhóthar, a bhí ar chaighdeán mótarbhealaigh in Éirinn, seachbhóthar an M7 an Náis, ar an 4 Deireadh Fómhair 1983. Deartha go hinmheánach ag foireann Chomhairle Contae Chill Dara, bhí seachbhóthar an M7 sa Nás comhdhéanta de 12 chiliméadar de dhébhealach agus cúig dhroichead mhóra. Chuir an dearadh measúnuithe tionchair torainn agus tírdhreacha san áireamh, an chéad cheann i dtéarmaí measúnú comhshaoil do scéimeanna bóithre móra in Éirinn.



Oibrithe bóthair ag an mBaile Gearr, Co. na Gaillimhe, c. 1940 *(Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe)*



M7 Seach-chonair Nás, Bailiúchán Liam Kenny, *(Cartlann Chontae Chill Dara agus Staidéar Áitiúi)*




Sliocht as clár na ngluaisteán, Comhairle Contae Luimnigh, 1915 *(Cartlann Luimnigh)*




Cnoc Rucky, Dún Dealgan – scéim feabhsúcháin Bhóthar Charraig Mhachaire Rois, 1938 *(Cartlann Chontae Lú)*

# Bóithre, Tithíocht, Gluaisteán agus Seirbhísí Éigeandála

Rinne dlíthe a achtaíodh idir 1868 agus 1890 soláthar do thógáil tithe údaráis áitiúil. Ar dtús bhí sé faoi chúram na gcomhairlí buirge agus caomhnóirí dhlí na mbocht. Níos déanaí, ghlac comhairlí ceantair thuaithe agus ina dhiaidh sin, comhairlí contae, le dearadh, tógáil agus cothabháil tithe sóisialta. Riarann Comhairlí freisin raon scéimeanna rialtais a sholáthraíonn morgáistí, iasachtaí, deontais agus cúnamh airgeadais dóibh siúd a bhfuil riachtanais éagsúla tithíochta casta acu.

Ó reachtaíocht i 1940, chuir údaráis áitiúla seirbhísí riachtanacha um chomhrac dóiteáin, sábháilteacht dóiteáin, cosc dóiteáin, rialú foirgníochta agus éigeandála ar fáil. Cuimsíonn seirbhísí ó dhéileáil le tinte simléir shimplí go mórthubaistí comhshaoil.




Pleananna do teach coiteora i dTuathcheantar Chluain Mheala *(Cartlann Chontae Thiobraid Árann)*



Tithíocht údaráis áitiúil á tógáil i nDún Dealgan, 1950 *(Cartlann Chontae Lú)*




Thomas Brannigan le hinneall dóiteáin Merryweather, Dún Dealgan, 1930í *(Cartlann Chontae Lú)*

# Comhshaol agus Pleanáil




Tugadh isteach an Public Health (Ireland) Act 1878 mar thoradh ar ghalar forleathan. Bhí sé mar aidhm aige coinníollacha maireachtála, sláintíocht agus cáilíocht uisce a fheabhsú agus bhí iarracht ollmhór ag teastáil ó údaráis áitiúla sna blianta tosaigh. Tá na seirbhísí seo tar éis teacht chun cinn ina seirbhísí sláintíochta agus comhshaoil a ndéanaimid talamh slán de inniu.

Tháinig gníomhaíochtaí chun cinn ó dhul i ngleic le soláthar uisce, séarachas, galair thógálacha, núiseanna, tithe plódaithe agus reiligí chun feidhmeanna a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce, caomhnú uisce, rialú truaillithe, bainistíocht dramhaíola, athchúrsáil, tránna agus sábháilteacht uisce a áireamh. Ó 2014 i leith aistríodh soláthar agus cothabháil seirbhísí poiblí uisce agus fuíolluisce chuig an bhfóntas náisiúnta uisce, Uisce Éireann.




Gormchló do Chaidéal Eachroma, 1947
*(Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe)*




Líníocht de chuid de Phríomhscéim Dhraenála Bhaile Airt, Co. Loch Garman, 1979 *(Cartlann Chontae Loch Garman)*




Ionad cóireála uisce Dhún Dealgan ag Cnoc an Chabháin, An Cabhán, Co. Lú, 1990 *(Cartlann Chontae Lú)*

# Comhshaol agus Pleanáil



Cé go raibh roinnt beart pleanála ann faoi na hAchtanna Sláinte Phoiblí agus Achtanna na dTithe, ba é An tAcht um Bailte agus Líomatáistí do Shíneadh Amach, 1934 an chéad reachtaíocht a bhí tiomnaithe don phleanáil amháin. Ní mheastar gur éirigh leis, cuireadh an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 ina ionad ar deireadh agus arís tháinig na hAchtanna agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2000-2018. Tá pleanáil tagtha chun cinn ó na hábhair imní luatha a bhaineann le tithe a lonnú ar bhóithre gnóthacha go dtí forbairtí casta inbhuanaithe a rialú.





Tuarascáil phleanála baile Chathair Chorcaí, 1941 *(Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí)*

# Comhshaol agus Pleanáil





Ag tógáil taiscumair Fhochairde, Dún Dealgan, ca 1900 *(Cartlann Chontae Lú)*




Pleananna do thithe nua i nDún Dealgan, 1896 *(Cartlann Chontae Lú)*

# Seirbhísí Pobail, Fiontair, Cultúir agus Áineasa




## Seirbhísí Cultúir agus Áineasa

Soláthraíonn údaráis áitiúla raon seirbhísí cultúrtha. Ar dtús, bunaíodh leabharlanna poiblí faoi reachtaíocht 1855. Cruthaíodh post mar Oifigeach Ealaíon i 1985. Cuireann Oifigigh Oidhreachta, a ceapadh den chéad uair i 1999, gach gné den oidhreacht chun cinn laistigh dá gceantair. Tá formhór na seirbhísí cartlainne áitiúla bunaithe ó tháinig sé éigeantach d'údaráis áitiúla a chinntiú go gcaomhnaítear agus go mbainistítear a gcartlann i gceart faoin Acht Rialtais Áitiúil 1994. Le blianta beaga anuas tá méadú ollmhór tagtha ar thairiscint chultúrtha na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear an clár an-rathúil Deich mBliana na gCuimhneachán agus Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta saorchruthaitheachta do leanaí agus daoine óga faoi stiúir Éire Chruthaitheach.




Leabharlann Carnegie, Dún Laoghaire
*(Léann Áitiúil agus Cartlanna, dlr Lexicon)*



09

material as might be required for future reference. The question of what is to be preserved is very important in modern archives because of the bulk of the records.

In other countries, particularly the Continental countries, the State controls the whole of the nation's archives. There are generally one or more national archive repositories similar to our own Public Record Office, preserving the records of the Government departments. In addition to these there are the local repositories which preserve all other civic archives, down to those of the smallest local government authority.

The Galway County Council had already realized the importance of preserving their own records, and some years ago had asked the co-operation of this Committee to allow your Secretary to sort out a huge accumulation of material – to make a selection of what is important. This has been done and many items of real value have been saved. (One has unfortunately to record that during the last war material of great value was sold for waste paper).

The disposal of debts throughout

Sliocht as leabhar miontuairiscí Choiste Leabharlann Chontae na Gaillimhe, 26 Iúil 1941, ag cur béime ar an tábhacht atá le cartlanna áitiúla a chaomhnú *(Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe)*



Lexicon Library, Dún Laoghaire
*(Léann Áitiúil agus Cartlanna, dlr Lexicon)*

# Seirbhísí Pobail, Fiontair, Cultúir agus Áineasa

Tá roinnt ranna ag gach comhairle a chuireann go mór le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cultúrtha ar fud na tíre. Cuireann na healaíona, oidhreacht, leabharlanna, cartlanna, Iarsmalanna agus níos déanaí, cláir phoiblí den scoth i mbithéagsúlacht agus i ngníomh aeráide, le folláine na gcónaitheoirí agus na saoránach. Tacaíonn na seirbhísí seo le rochtain ardchaighdeáin, rannpháirtíocht, foghlaim agus nuálaíocht trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht straitéiseach ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Chomh maith le seirbhísí cultúrtha leabaithe, forbraíonn go leor comhairlí tionscadail a bhaineann le rannpháirtíocht phobail trí “chuideachtaí cultúir” éagsúla, aonáin a dhéanann sainfheidhmiú ar rannpháirtíocht phobail agus ar chláir oibre cruthaitheacha uileghabhálacha.

Bainistíonn údaráis áitiúla páirceanna poiblí, linnte snámha, clóis súgartha agus áiseanna eile freisin agus úsáideann na spásanna seo chun imeachtaí spraíúla rialta a reáchtáil do dhaoine de gach aois agus cumas.



Páirc Naomh Eoin, Cathair Phort Láirge, deireadh na 1960idí *(Cartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge)*




Míreanna ó bhailiúchán an Ghunnadóra James Fitzhenry, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman, a ghlac páirt sa Chéad Chogadh Domhanda *(Cartlann Chontae Loch Garman)*



Tugann Marianne O’Kane Boal ceardlann ar scríbhneoireacht chruthaitheach i Leabharlann Bhun Dobhráin, d’fhéile na bpáistí Chruinniú na nÓg, 23 Meitheamh 2018. *(Le caoinchead ó Christina Irwin)*



Leanbh ceardlann ealaíne i scoileanna, Éire Chruthaitheach Lú, 2018 *(Comhairle Contae Lú)*

# Seirbhísí Pobail, Fiontair, Cultúir agus Áineasa



## Forbairt Eacnamaíoch

Chomh maith leis na tairiscintí cultúrtha seo, tá ról lárnach ag údaráis áitiúla maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch áitiúil – ról atá méadaithe go suntasach ó na1960idí. Cruthaíodh Foirne Forbartha Contae, ag clúdach na 13 contae ar fad nó codanna díobh ar dtús, san iarthar den chuid is mó, agus ag scaipeadh níos déanaí ar fud na tíre.

Ag deireadh na 1990idí, mar thoradh ar Rialtas Áitiúil Níos Fearr – Clár um Athrú, rinneadh ollchóiriú radacach ar struchtúir, lena n-áirítear bunú stiúrthóireachtaí Pobail agus Fiontair laistigh d'údaráis áitiúla. Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, cuireadh oifigí fiontair áitiúla laistigh d'údaráis áitiúla in ionad na mbord fiontair contae.




Suiteáil droichead coise ag Bóthar Thuama, Áth Cinn. 2018
*(Comhairle Contae na Gaillimhe)*



Tarbhealach Bhaile Uí Bhuí ar Ghlasbhealach Phort Láirge,
*(Cartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge)*




Oifigigh Chomhairle Contae an Chláir agus baill Chomhairle Pobail an Fhiacail ag oscailt Mhol Digiteach an Fhiacail 2018. Cuireann sé áiseanna oifige inacmhainne agus leathanbhanda ardluais ar fáil.
*(Comhairle Contae an Chláir)*

# Community, Enterprise, Cultural Services and Recreation



## Tionscnaimh Phobail

Éascaíonn údaráis áitiúla comhlachtaí pobail agus deonacha go gníomhach trí Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí.

Is tionscnaimh uathúla de chuid an Aontais Eorpaigh iad cláir ar nós Síocháin IV agus Interreg atá deartha chun tacú le síocháin agus athmhuintearas. Tá seirbhísí éagsúla laistigh d'údaráis áitiúla, go háirithe i gcontaetha teorann, páirteach i dtionscadail dá leithéid atá maoinithe ag an AE le breis agus 20 bliain.



I 1985 tugadh ar ais do Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, portráid, a bhí ar iasacht, de W.B. Yeats, a rinne a athair, John Butler Yeats. *(Cartlann Chomhairle Contae Shligigh)*




Baill de Chomhairle na nÓg an Longfoirt a ghlac páirt sa deireadh seachtaine comórtha sa Longfort, 23-24 Aibreán 2016. Rinne siad ionadaíocht ar na rannpháirtithe áitiúla in Éirí Amach na Cásca. *(Comhairle Contae an Longfoirt)*



Oibrithe Chomhairle Contae an Chláir ag dul ar aghaidh le plandáil earraigh *(Comhairle Contae an Chláir)*



Seisiún cuimhneacháin i gcarráiste iarnróid ag Iarsmalann Iarnróid Dhún na nGall d'Fhéile na Bealtaine, 2018 *(Comhairle Contae Dhún na nGall)*




Tionscadal Taipéis Pobail Creative Spark, Éire Chruthaitheach Lú, 2018 *(Comhairle Contae Lú)*

# An Ghaeilge agus Rialtas Áitiúil



Mar chomhlachtaí poiblí, tá údaráis áitiúla tiomanta do fhreastal ar a bpobail trí Ghaeilge.

Ó 1937 i leith tá an Ghaeilge aitheanta faoin mBunreacht mar phríomhtheanga oifigiúil agus náisiúnta na hÉireann. Ba é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ná soláthar feabhsaithe seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú agus leasaíodh é le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Tá sé mar aidhm leis seo cur ar chumas cainteoirí Gaeilge idirghníomhú lena seirbhísí poiblí gan stró, trí chuspóirí ar nós a chinntiú go mbeidh 20% d'earcaigh san earnáil phoiblí inniúil ar an nGaeilge faoi 2030.


Proposed by Mr James Hayes Seconded by Capt Coghlan.
1 That the movement for the revival and preservation of the Irish Languag
deserves the support of all classes of Irishmen without distinction of Creed
or politics.
2. That we are of opinion that the Irish Language should be placed on
the same level as the other modern languages in our Universities, Secondar
and Primary Courses of education
3. That we call on the National Board of Education to remove the present
restrictions which prevent children in the Irish speaking districts
receiving the benefit of a bi-lingual education.
That copies of these resolutions be forwarded to the Right Honble G. Balfour
Chief Secretary for Ireland to the County Councils throughout Ireland
to the National Board of Education to the Intermediate Board of Education
and to the Central Executive of the Gaelic League. Dublin. Passed Unanimously


Sliocht, miontuairiscí an chéad cruinnithe Chomhairle Contae Phort Láirge, 22 Aibreán 1899 *(Cartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge)*




An t-údar Cathal Pórtéir faoi agallamh ag Dónal Ó Cnáimhsí i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair 21/02/2024 *(íomha: Denis McGeady)*



Reáchtálfaidh leabharlann na Ceathrún Rua Ócáid Léitheoireachta Seabhac ón Ionad Scríbhneoirí Gaeilge le léachtaí ón scríbhneoir Gaeilge Liam Mac Cóil agus ón úrscéalaí agus drámadóir Darach Ó Scolaí, Samhain 2012. *(Comhairle Chontae na Gaillimhe)*



Dealbh de Phádraic Ó Conaire, scríbhneoir Gaeilge agus as Gaillimh ó dhúchas (*Le caoinchead ó Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe*).

# An Ghaeilge agus Rialtas Áitiúil




Fostaíonn go leor údarás áitiúil anois Oifigigh Ghaeilge, nó Oifigigh Forbartha Gaeilge, a chinntíonn go gcomhlíonann a n-eagraíochtaí faoi seach oibleagáidí faoi Acht 2003, arna leasú.

Tá réigiúin Ghaeltachta neadaithe go domhain i roinnt údarás áitiúil agus cuireann siad seirbhísí fairsinge ar fáil trí Ghaeilge.

Ar fud líonra na n-údarás áitiúil, tá raon seirbhísí ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge agus trí Bhéarla má iarrtar iad, lena n-áirítear mar shampla seirbhísí mótarchánach, seirbhísí cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre, seirbhísí idirchaidrimh tithíochta i gceantair Ghaeltachta, agus seirbhísí leabharlainne in áiteanna áirithe. Tá cuid de sheirbhísí eile ar fáil go dátheangach, lena n-áirítear mar shampla seirbhísí cuntair poiblí i Seirbhísí Corparáideacha, Pleanáil, Tithíocht agus Bóithre. Tá bróisiúir, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais agus suíomhanna gréasáin ar fáil go dátheangach. Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil glacadh le comhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.



Tugann moltóirí Mórtas Áite an IPB cuairt ar Inis Mór (Oileán Inis Mór), Co. na Gaillimhe, sular bhuaigh an pobal sa chatagóir Oileán agus Pobail Cósta 2015. *(Comhairle Chontae na Gaillimhe)*




Miontuairiscí Fhochoiste Gaeltachta, 1971-1979 (GCCA CDT/15-17), d'Fhoireann Forbartha Chontae na Gaillimhe. *(Comhairle Chontae na Gaillimhe)*